Cód na Gaeilge Rang 2
Ag Fiosrú Focal

Curaclam
Thuaisceart Éireann

Intreoir

Aithnítear an gá atá le teagasc fónaice mar chuid de theagasc na litearthachta. Is gné amháin de theagasc na litearthachta é seo agus ba chóir na scileanna eile a theagasc agus a dhaingniú mar aon le teagasc fónaice. Ba chóir go mbeadh na ceachtanna seo gairid agus gasta agus iad i gcomhthéacs na léitheoireachta. Ba chóir go mbeadh na daltaí ag fiosrú an eolais seo agus iad ag léamh. Is clár leanúnach struchtúrtha é seo agus tógtar ar an eolas i gcéimeanna agus go gasta. Níl go leor eolais sna luathchéimeanna le bheith ag léamh agus, mar sin, moltar Céim 6 a bhaint amach chomh gasta agus is féidir sa scoilbhliain, go háirithe ó Rang 3 ar aghaidh.

Moltar dúshlán a thabhairt do pháistí san fheasacht fhóineolaíoch i dtús báire. Tosaítear ar an chlár fónaice i gceart, mar sin, i Rang 2. Sa phacáiste do rang 2 tá an obair measartha praiticiúil agus is féidir na gníomhaíochtaí a chur abhaile mar obair bhaile leis an eolas a dhaingniú. Ó Rang 3 ar aghaidh tosaíonn an rang ag dul siar ar na céimeanna 1 go 5 agus ansin cuirtear tús leis na 'liostaí focal' atá i gCéim 6. Sna liostaí seo tá focail ina bhfuil samplaí d'fhuaim áirithe chomh maith le focail radhairc nó na focail a bhíonn ann go minic agus atá riachtanach ag na daltaí ina bhfuil samplaí d'fhuaim áirithe. Ar an dóigh seo, bíonn na daltaí ag foghlaim focal fuaime chomh maith le focail riachtanacha gach seachtain. Cuirtear na liostaí seo abhaile mar obair bhaile. Beidh gníomhaíochtaí bunaithe ar an liosta seo tríd an tseachtain agus ansin scrúdú/triail ar an Aoine. Tá eolas ann ar chód scríofa na Gaeilge chomh maith le gnéithe gramadaí a théann i bhfeidhm ar an chód scríofa agus dóigheanna molta ar an dóigh le seo a chur roimh na daltaí. Beidh na daltaí ag foghlaim litriú na Gaeilge ach í mínithe ar dhóigh chuimsitheach leanúnach dóibh. Is fiú go mór an cur chuige seo a phlé le tuismitheoirí go luath sa bhliain.

Tá iarracht déanta sa chomhad seo eolas ar chóras scríofa na Gaeilge a chur ar fáil ar dhóigh níos céimnithe agus níos leanúnaí do dhaltaí agus iad ag bogadh ó bhliain go bliain. Tá samplaí níos dúshlánaí ann do gach céim do gach bliainghrúpa agus iad ag bailiú eolais ar an chód ó bhliain go bliain. Tá abairtí ann do dheachtú na seachtaine ag deireadh gach leabhair. Is féidir focail ó na ceachtanna a thabhairt do na daltaí mar dhul siar nuair is mian leat chomh maith. Tá leathanach taifid an mhúinteora ag deireadh gach céime. Ní gá an leathanach seo a líonadh do gach dalta. Níl anseo ach gné amháin den litearthacht, mar sin, ní pictiúr iomlán é seo de dhul chun cinn an dalta. Faoin am a mbeidh na daltaí ag feidhmiú ag Céim 6 sa chlár beidh meascán d'fhocail fuaime agus d'fhocail radhairc ann. Bheadh níos mó eolais don leathanach taifid ann ag an leibhéal seo.

Is i gcomhar le CCEA a d'fhorbair Jacqueline de Brún an pacáiste seo ag freagairt don riachtanas ar leith a léirigh na scoileanna féin.